

# Doineann

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin drochaimsir ar fud na tíre. Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- strips of land
- deluge of rain
- gusts of wind
- floods
- to burst its banks
- orange weather warning
- pouring rain
- plenty
- PE teacher
- the quay
- status yellow – wind warning

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.



## Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:


1. Cén fáth ar luadh na figiúirí 80 agus 100?
2. Cad a bhí le rá ag John Ó Ríordáin agus Jamie Ó Flannúra?
3. Cén fáth a raibh an seisiún traenála aisteach i nGleann na Fleisce?
4. Cén fáth nach raibh John Bhaba Jeaic in ann dul chomh fada lena bhád?

## Ceist 3

Féach ar an léarscáil thíos.

- A. Líon isteach na contaetha ar fad uirthi.
- B. Líon isteach na háiteanna a luadh sa mhír uirthi agus an chúis ar luadh na háiteanna sin. Mar shampla:

*Maigh Chromtha – Tá tuilte móra sa cheantar sin.*



**Ceist 4** An tuiseal ginideach

Bhí a lán samplaí den tuiseal ginideach uatha agus an t-alt le cloisteáil sa mhír. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú inti. Cuir do chuid samplaí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

**Ceist 5** ‘...ar fud na tíre...’

Cuir na réamhfocail chomhshuite seo a leanas in abairtí lena mbrí a mhíniú:

- le haghaidh
- ar feadh
- i bhfeighil
- i gcaitheamh
- i dteannta
- de thairbhe

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Conas mar atá an aimsir inniu?
2. Conas mar atá an aimsir le dhá mhí anuas?
3. Conas mar a bhí an aimsir ar do bhreithlá deireanach?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

strips of land – *stráicí talún*

deluge of rain – *díle bháistí*

gusts of wind – *siotáí gaoithe*

floods – *tuilte*

to burst its banks – *cur (pléasc) thar bruach*

orange weather warning – *fógra aimsire flannbhuí*

pouring rain – *ag stealladh báistí*

plenty – *fuilleach*

PE teacher – *múinteoir corpoideachais*

the quay – *an ché*

status yellow – wind warning – *fógra gaoithe – stádas buí*

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

Féach an script.

### Cúige Laighean

Áth Cliath	Co. Átha Cliath
Ceatharlach	Co. Cheatharlach
Cill Chainnigh	Co. Chill Chainnigh
Cill Dara	Co. Chill Dara
Cill Mhantáin	Co. Chill Mhantáin
An Iarmhí	Co. na hIarmhí
Laois	Co. Laoise
Loch Garman	Co. Loch Garman
An Longfort	Co. an Longfoirt
Lú	Co. Lú
An Mhí	Co. na Mí
Uíbh Fhailí	Co. Uíbh Fhailí

### Cúige Mumhan

Ciarraí	Co. Chiarraí
An Clár	Co. an Chláir
Corcaigh	Co. Chorcaí
Luimneach	Co. Luimnigh
Port Láirge	Co. Phort Láirge
Tiobraid Árann	Co. Thiobraid Árann

### Cúige Chonnacht

Gaillimh	Co. na Gaillimhe
Liatroim	Co. Liatroma
Maigh Eo	Co. Mhaigh Eo
Ros Comáin	Co. Ros Comáin
Sligeach	Co. Shligigh

### Cúige Uladh

Aontroim	Co. Aontroma
Ard Mhacha	Co. Ard Mhacha
An Cabhán	Co. an Chabháin
Doire	Co. Dhoire
An Dún	Co. an Dúin
Dún na nGall	Co. Dhún na nGall
Fear Manach	Co. Fhear Manach

Muineachán  
Tír Eoghain

Co. Mhuineacháin  
Co. Thír Eoghain

**Ceist 4**

- i ndeisceart na tíre
- de bharr dhíle bháistí na hoíche aréir agus an lae inniu
- tar éis bháisteach na hoíche aréir
- ar fud an chontae
- ar fud na cathrach
- abhainn na Laoi
- timpeall an Daingin
- timpeall an chontae
- Gleann na Fleisce
- báisteach mhór na maidine
- ar fud na tíre
- uair an chloig

**Ceist 5**

le haghaidh – *for*

ar feadh – *for (cúrsaí ama)*

i bhfeighil – *in charge*

i gcaitheamh – *during, in the course of*

i dteannta – *in addition to, along with*

de thairbhe – *as a result of*

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Tá bóithre agus stráicí talún faoi uisce i ndeisceart na tíre inniu, de bharr dhíle bháistí na hoíche aréir agus an lae inniu. Thit 80 milliméadar báistí in áiteanna agus shéid siotaí gaoithe suas le 100 ciliméadar san uair.

**Áine Lally**

Seo mar a bhí i gCorcaigh inniu tar éis bháisteach na hoíche aréir. Bhí roinnt bóithre sa gcontae sin faoi uisce agus bhí cuid eile dúnta de bharr na dtuille. B’amhlaidh an scéal i gCiarraí agus i dTiobraid Árann. Bhí suas le 80 milliméadar báistí geallta ag Met Éireann in áiteanna, chomh maith le gála 100 ciliméadar san uair.

**John Ó Ríordáin, Cathair Chorcaí**

Tá tuilte ar fud an chontae, go háirithe timpeall Maigh Chromtha, Sráid an Mhuilinn, Mala agus Cloch Reo. Tá go leor tuilte ar fud na cathrach agus tá imní ar dhaoine go bpléascfaidh abhainn na Laoi thar bruach. Beidh sé ag cur báistí go dtí Déardaoin agus níl a fhios againn cá rachaidh an t-uisce.

**Áine Lally**

Deir saineolaithe aimsire go bhfanfaidh an fógra aimsire flannbhuí i bhfeidhm go dtí a naoi a chlog anocht i gCiarraí, i gCorcaigh, i bPort Láirge agus i dTiobraid Árann.

**Jamie Ó Flannúra, An Daingean**

Bhí sé ag stealladh báistí aréir agus ar maidin. Tá foláireamh báistí i bhfeidhm i gCiarraí go dtí a naoi a chlog anocht. Níl mórán tuilte timpeall an Daingin faoi láthair ach tá fuílleach tuilte timpeall an chontae, ar fud chontae Chiarraí. An-seans go dtiocfaidh breis báistí um thráthnóna.

**Áine Lally**

Seo radharc den pháirc pheile i nGleann na Fleisce i gContae Chiarraí inniu. Níor chuir na tuilte móra stop le mic léinn san áit dul i mbun traenála.

**Damien Switzer, Gleann Fleisce, Ciarraí**

Tá mé ag traenáil chun a bheith i mo mhúinteoir corpoideachais i KCFE, i dTrá Lí agus bhí mé ag déanamh ranganna inniu agus thóg mé briseadh agus cheap mé – cén fáth nach ndearna mé tiktok sa pháirc mar tá tuilte ann.

**Áine Lally**

I gConamara, chuir báisteach mhór na maidine as do roinnt daoine a bhí ag dul chomh fada le Cé Fhoirnise i Leitir Mealláin.

**John Bhaba Jeaic Ó Conghaile, Iascaire, Leitir Mealláin**

Bhí drochaimsir ar maidin ann agus bhí an ché seo faoi uisce uilig<sup>1</sup> agus bíonn i gcónaí nuair a thagann drochaimsir. Agus, tá an bháisteach uilig ag teacht anuas. Bhuel, tá sé go dona agus tá sé ina dhiabhal a bheith i do chónaí in áit mar seo nuair nach bhfuil tú in ann dul go dtí do bhád ag uisce ar an gcé.

**Áine Lally**

Bhí fógra gaoithe-stádas buí i bhfeidhm ar fud na tíre go dtí thart ar uair an chloig ó shin. Cé go raibh sé an-ghaofar i roinnt contaetha ar maidin, níor mhair an gála i bhfad.

Áine Lally, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> uile an leagan caighdeánach